



## ATHBHREITHNIÚ MAIDIR LE hÚSÁID MÓNA I dTIONSICAL NA GAIRNEOIREACHTA

### Páipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheisteanna

#### Clár an Ábhair

##### Achoimre Feidhmiúcháin

1. Réamhrá
2. An t-athrú atá ar an dearcadh maidir le Tailte Portaigh na hÉireann
3. Tailte Portaigh faoi Chosaint in Éirinn
4. Úsáid na Móna sa Ghairneoireacht
5. Tábhacht na Gairneoireachta d'eacnamaíocht na tíre
6. Earnálacha ina bhfuil maolú á dhéanamh ar úsáid móna
7. Na tréithe a ritheann le Caonach Móna i gcomparáid le Múirín nó Dramhábhar Glas
8. Na míbhuntáistí a bhaineann le Móin a Úsáid sa Ghairneoireacht
9. Ábhar foshraitheanna fáis atá saor ó mhóin agus deacrachtaí maidir lena n-úsáid
10. Deacrachtaí maidir le hathrú ó chaonach móna a úsáid i dTionscal na Gairneoireachta
11. Ceisteanna don Chomhairliúchán Poiblí
12. An chéad chéim eile den obair i ndáil leis an bPáipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheisteanna

AGUISÍN 1 – Tailte Portaigh agus Seirbhísí Éiceachórais

AGUISÍN 2 – Réimsí Tailte Portaigh a Roghnaíocht lena gCaomhnú

AGUISÍN 3 – Taighde maidir le Tailte Portaigh

TAGAIRTÍ



## ATHBHREITHNIÚ MAIDIR LE hÚSÁID MÓNA I dtIONSCAL NA GAIRNEOIREACHTA

### Páipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheistean

#### Achoimre Feidhmiúcháin

Is é cuspóir atá leis an bPáipéar seo faoi na Mórcheistean go scrúdófaí an úsáid a bhaintear as caonach móna i dtionscal na gairneoireachta in Éirinn agus an dóigh go bhféadfaí malairt ábhair a úsáid. Tagann an obair i gceist mar gheall ar bheart a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015.

Mar ábhar fáis is mó a bhíonn móin á húsáid sa ghairneoireacht ag garraíodóirí amaitéara agus garraíodóirí gairmiúla, ag saothróirí gairmiúla agus ag tionscal na muisiriún.

Tá tailte portaigh ar na gnéithe is buaine den taobh tíre in Éirinn ón Oighearaois dheireanach anuas agus, ar a n-áireamh in éineacht lena maireann de na foraoisí cianaosta, tá siad ar na héiceachórais is sine dá bhfuil ar fáil sa tír agus tairbhe de chineálacha éagsúla ag plandaí, ag ainmhithe agus ag daoine astu. De réir mar a bhíonn siad ag teacht chun cinn, baineann tailte portaigh carbón as an atmaisféar agus déantar a stóráil sa mhóin.

Rinneadh tailte portaigh a úsáid ar mhaithe le foraoiseacht, talmhaíocht, baint mhóna don teaghlach agus baint mhóna ar bhonn tionsclaíochta chomh maith le caonach móna a bhaint ar bhonn tráchtála. Baineadh leas astu freisin maidir le féarach leathanréimseach agus le haghaidh dianinnilte chomh maith le forbairt infreastructúir de chineálacha éagsúla.

Idir na blianta 1997 agus 2002, roghnaíodh 53 láithreán portaigh ardaithe in Éirinn le hainmniú ina Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC). Ainmníodh 75 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) de phortach ardaithe chomh maith faoi na hAchtanna Fiadhúlra a chuireann leis an gcraobhchóras seo. Roghnaíodh freisin 50 láithreán in Éirinn ina Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) d'fhonn bratphortaigh a chaomhnú. Tá 73 láithreán eile sa bhreis orthu sin, ina bhfuil gnáthóg de chineál an bhratphortaigh ar fáil, ainmnithe ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA).<sup>1</sup>

Tá cion mór tairbhe á dhéanamh ag tionscal tráchtála na gairneoireachta in Éirinn maidir leis an olltáirge talmhaíochta agus bhí luach €437 milliún ag geata na feirme i gceist sa bhliain 2018. Tá tuairim is 6,600 duine fostaithe go lánaimseartha in obair príomhtháirgíochta sa tionscal agus 11,000 eile fostaithe i ngnólachtaí breisluacha agus iartheachta.

<sup>1</sup> Tugtar breis eolais faoin ábhar sin in Aguisín 3.



Mar gheall ar thréithe na móna, tá sí ina hábhar fabhrach sochóirithe ar féidir leas a bhaint aisti maidir le plandaí agus muisiriúin a fhás. Úsáidtear móin in earnálacha na muisiriúin, na taitneamhachta agus na dtorthaí boga maidir le tionscal tráchtála na gairneoireachta in Éirinn. Tá táirgeoirí na n-earnálacha sin i mbun scrúdú ar bhealaí chun úsáid na móna a laghdú trí leas a bhaint as comhábhar in éineacht leis an móin, mar shampla coirt crainn, gairbhseach adhmaid agus gairbhseach cnó cócó mar ábhar cumaisc fáis agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí athúsáid a bhaint as móin san eacnamaíocht chiorclach.

Cuireadh an Páipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheisteanna seo i dtoll a chéile faoi choimirce ghrúpa oibre ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tugtar cuireadh anois aighneachtaí maidir leis an bpáipéar seo nó le haon cheist eile a mheastar a bheith tábhachtach i ndáil leis an athbhreithniú ar úsáid na móna i dtionscal na gairneoireachta a chur faoi bhráid.

## 1. Réamhrá

Scrúdú a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le caonach móna a úsáid i dtionscal na gairneoireachta in Éirinn, faoi mar a leagtar amach mar bheart oibre faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015<sup>2</sup>, ar an tionchar atá ag caonach móna a bhaint ar an bhfostaíocht sna ceantair ina saothraítear é faoi láthair agus ar an tionchar a d'fheadfadh a bheith ag malairt ábhair a úsáid ó thaobh cailteanas ionchais maidir le cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, gnóthais na háite, malairt fostaíochta a d'fheadfadh a bheith ar fáil agus an feabhsúchán ionchais a bhainfeadh le gnáthóga portaigh a chaomhnú in ionad iad a shaothrú ar mhaithe le móin, atá de chuspóir leis an bPáipéar faoi Shaincheisteanna seo.

Tá tailte portaigh ar na gnéithe is buaine den taobh tíre in Éirinn ón Oighearaois dheireanach anuas agus, ar a n-áireamh in éineacht lena maireann de na foraoisí cianaosta, tá siad ar na héiceachórais is sine dá bhfuil ar fáil sa tír agus tairbhe de chineálacha éagsúla ag plandaí, ag ainmhithe agus ag daoine astu. Is iarsmaí tailte portaigh na hÉireann de réimsí fairsinge fiántais na tíre, tréithe na talún agus an uisce ag rith leo ionas go mbíonn gnáthóg faoi leith ar fáil don fhásra agus don fhiadhúlra sainiúil a bhaineann leo. Tá achar fairsing de dhroim talún na hÉireann faoi thailte portaigh, idir phortach ardaithe, bhratphortach agus eanach, agus is cuid shuntasach den taobh tíre iad in áiteanna go leor ar fud na tíre.<sup>3</sup>

<sup>2</sup> Beart 5 sa Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015 [www.npws.ie](http://www.npws.ie) – Déanfar athbhreithniú maidir le móin a úsáid i dtionscal na gairneoireachta.

<sup>3</sup> BOGLAND: Sustainable Management of Peatlands in Ireland - PROTOCOL DOCUMENT - Arna ullmhú don Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath - Údair: Florence Renou-Wilson, Tom Bolger, Craig Bullock, Frank Convery, Jim Curry, Shane Ward, David Wilson & Christoph Müller.



Cuirtear réimse forleathan seirbhísí, a mbíonn tairbhe astu ag an duine, ar fáil ar thailte portaigh, roinnt a bhfuil eolas go coitianta orthu agus roinnt eile nach bhfuil. Ar na buntáistí is follasaí, tá an tairbhe eacnamaíochta i gceantair tuaithe, maidir mar shampla le fostaíocht agus le breosla, agus bheadh an fiúntas mórtábhachtach bithéagsúlachta agus an réimse seirbhísí éiceachórais a chuirtear ar fáil le háireamh ar na buntáistí nach bhfuil chomh follasach céanna.<sup>4</sup> Meastar go bhfuil tailte portaigh ar na héiceachórais is tábhachtaí ar domhan mar gheall ar an stór ollmhór carbóin agus ar an acmhainn, le linn fáis dóibh, carbón a cheapadh agus rialú a dhéanamh dá réir ar chúrsaí aeráide. Bíonn buntáiste suntasach le tailte portaigh freisin maidir le scagadh uisce agus rialú a dhéanamh ar an soláthar uisce chomh maith le réimsí taitneamhachta a chur ar fáil a mbeadh tairbhe astu maidir le leas agus maitheas phobal na háite agus chuairteoirí ar an gceantar.<sup>5</sup>

De réir mar a bhíonn talamh portaigh á chruthú, bíonn carbón á cheapadh go mall réidh as an atmaisféar agus á stóráil mar mhóin. Trí dhé-ocsaíd carbóin a thógáil as an atmaisféar ar feadh tréimhsí fada agus trí gháis cheaptha teasa eile, mar shampla meatán a chur amach, bíonn tionchar ag portaigh nádúrtha neamhshaothraithe ar aeráid an domhain. Leis na cianta, tá "fuarú" nádúrtha á dhéanamh ag tailte portaigh ar an atmaisféar, i gcodarsnacht leis an "téamh" atá á tharraingt ag an duine trí astaíocht dhé-ocsaíd carbóin agus gháis cheaptha teasa eile san atmaisféar. Déanann tailte portaigh atá slán neamhshaothraithe maolú go nádúrtha ar chúrsaí aeráide.<sup>6</sup>

## 2. An t-athrú atá ar an dearcadh maidir le Tailte Portaigh na hÉireann

<sup>4</sup> Tá breis eolais faoin ábhar seo in Aguisín 1.

<sup>5</sup> An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015.

<sup>6</sup> An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015.



Rinneadh tailte portaigh a dhraenáil ar mhaithe le foraoiseacht, talmhaíocht, baint mhóna don teaghlach agus baint mhóna ar bhonn tionsclaíochta chomh maith le caonach móna a bhaint ar bhonn tráchtála. Baineadh leas astu freisin maidir le féarach leathanréimseach agus le haghaidh dianinnilte chomh maith le forbairt infreastruchtúir de chineálacha éagsúla, feirmeacha gaoithe ina measc. I rith an 20ú aois, rinneadh saothrú ar mhórsála ar phortaigh ardaithe agus ar bhratphortaigh in Éirinn. Chuir an Stát Bord na Móna ar bun chun na críche sin agus tá obair an Bhoird dírithe den chuid is mó faoin tráth seo ar phortaigh ardaithe draenáilte i lár tíre. Tá beartaíocht de na cineálacha sin ag cur go mór go fóill le cúrsaí eacnamaíochta go haitiúil trí bhonn a chur, go díreach agus go hindíreach, faoi fhostaíocht chomh maith le foinse sábháilte fuinnimh a chur ar fáil, cé gur le fóirdheontas suntasach ón Stát sin. Rinneadh tailte portaigh éagsúla in Éirinn a dhraenáil chomh maith agus a aisghabháil le haghaidh saothrú talmhaíochta agus foraoiseachta. Le tamall beag anuas, tá tuiscint níos mó agus níos géire ag lucht ceaptha beartais, ag comhlachtaí leathstáit agus ag an bpobal i gcoitinne ar thairbhe de chineálacha eile le portach slán agus ar an réimse sochair is féidir a thabhairt i gcrích.



Tá creatchóras fadtéarmach ar fáil leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015 trínar féidir bainistíocht chúramach a dhéanamh ar na tailte portaigh uile sa Stát ionas go mbíonn an leas agus an tairbhe is fearr is féidir ag lucht na linne seo agus ag na glúnta atá le theacht astu maidir le cúrsaí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta. Leis an mbainistíocht chúramach ar thailte portaigh, tiocfaidh an tairbhe is fearr as úsáid de chineálacha éagsúla maidir le leas an duine san am i láthair agus san am atá le theacht, ar na seirbhísí eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta a chuirtear ar fáil le tailte portaigh a thabhairt san áireamh. Fágfaidh sin gur féidir díriú níos géire ar an bhfiúntas agus ar an gcaillteanas a ghabhann le húsáid de chineálacha éagsúla. Is ar na bealaí is lú a dtarlódh dochar don timpeallacht dá mbarr, agus ar na bealaí is fearr a bhaineann leas as deiseanna maidir le caomhnú agus feabhsú na timpeallachta agus is fearr a chuidíonn le haidhmeanna agus dualgais an Stáit i ndáil le cúrsaí aeir, aeráide, uisce, dúlra agus timpeallachta a thabhairt i gcrích, is ceart tabhairt faoi thalmhaíocht, faoi fhoraoiseacht, faoi bhaint móna agus faoi fhorbairt ar bhonn tráchtála.





### Tailte Portaigh faoi Chosaint in Éirinn

Tá tuairim is 21% d'achar talún na tíre faoi ithir móna. Bhíodh achar tuairim is 311,000 ha de phortach ardaithe sa Stát tráth agus achar tuairim is 774,000 ha de bhratphortach (Hammond 1979). Bhíodh eanach coitianta in Éirinn chomh maith ach tá aisghabháil déanta ar an iomlán seachas 20,000 ha a bhfuil tábhacht leo ó thaobh cúrsaí caomhantais (Foss, P. (2007)). Meastar gur 10% den bhunphortach ardaithe agus 28% den bhunbhratphortach atá oiriúnach maidir lena gcaomhnú. Tá bainistíocht de chineálacha éagsúla déantar ar fhuílleach na réimsí portaigh.<sup>7</sup>

Na príomhchatagóirí úsáid talún maidir le tailte portaigh. (An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015 – L. 5)

|  |                         |
|--|-------------------------|
| Tailte Portaigh Nádúrtha   | 269,270ha <sup>8</sup>  |
| Tailte Portaigh Saothraithe (mar gheall ar mhóin a bhaint do theaglaigh) | 612,380ha <sup>9</sup>  |
| Tailte Portaigh faoi Fhoraoiseacht                                       | 300,000ha <sup>10</sup> |
| Tailte Portaigh faoi Fheirmeoireacht (féarach)                           | 295,000ha <sup>11</sup> |
| Tailte Portaigh a Shaothraítear ar bhonn Tionsclaíochta                  | 70,000ha <sup>12</sup>  |
| Portach Athchóirithe   | 18,000 <sup>13</sup>    |

<sup>7</sup> An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015.

<sup>8</sup> Malone S. & O'Connell C. 2009. Ireland's Peatland Conservation Action Plan 2020 – Halting the Loss of Biodiversity. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, An Loilíoch Mhór.


<sup>9</sup> Ditto.

<sup>10</sup> Black K., O'Brien P., Redmond J., Barrett F. & Twomey M. 2008. The extent of recent peatland afforestation in Ireland. Irish Forestry 65 (1&2): 71-81.

<sup>11</sup> 7 CRF Table 5.C, National Inventory Report 2007-2009 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil).


<sup>12</sup> 57,000 heicteár (dromchla crua agus imeallacha san áireamh) atá faoi úinéireacht Bhord na Móna agus is meastachán atá i gceist leis an bhfuílleach ar an achar tá saothraithe ag comhlachtaí príobháideacha i mbun móin a bhaint don ghairneoireacht den chuid is mó.

<sup>13</sup> Figiúirí ó Bhord na Móna a bhaineann den chuid is mó le hathfhliuchadh ar athphortach cé go bhfuil réimsí foraoiseachta agus úsáid chultúrtha nó úsáid thráchtála ag dreamanna eile san áireamh chomh maith.



Tá Natura 2000 ar an ngné is suntasaí de bheartas dúlra agus bithéagsúlachta an AE. Tá craobhchóras de limistéir caomhantais dúlra ar fud an AE ar fad i gceist leis sin agus é de chuspóir leis na speicis agus na gnáthóga is fiúntaí agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip a chaomhnú go fadtéarmach. Tugtar san áireamh sa chóras na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) (ar a dtugtar Láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo nó SCI freisin i gcomhthéacs an AE) a d'ainmnigh na Ballstáit faoi Threoir na nGnáthóg 1992 agus Limistéir Cosanta Speisialta (SPA) arna rangú faoi Threoir na nÉan 1979. Sásaítear dualgas atá ar an gComhphobal faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch le bunú an chórais chomh maith.

Tá gnáthóga agus speicis ar thailte portaigh na hÉireann atá neamhchoitianta agus i mbaol. Tá glactha de chúram ag an tír uirthi féin na gnáthóga agus na speicis sin a chaomhnú trí limistéir áirithe a roghnú le hainmniú ina Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Cosanta Speisialta.



### 3. Úsáid na Móna sa Ghairneoireacht

Mar ábhar fáis is mó a bhíonn móin á húsáid sa ghairneoireacht ag garraíodóirí amaitéaracha agus garraíodóirí gairmiúla, ag saothróirí gairmiúla agus ag tionscal muisiriún. In earnáil na gairneoireachta tráchtála, bíonn móin in úsáid ag táirgeoirí muisiriún, ag táirgeoirí stoc plandlainne agus ag táirgeoirí torthaí boga. Tá tréithe go leor a ritheann leis an móin a fhágann gur ábhar tairbheach í is féidir a chóiriú maidir le plandaí a fhás agus muisiriún a shaothrú.

Bíonn móin in úsáid freisin i mbun garraíodóireachta ag tomhaltóirí agus ag garraíodóirí amaitéaracha mar ábhar fáis do phlandaí maisiúcháin agus do phlandaí bia i bpotaí, i ngabhadáin agus i gciseáin chrochta chomh maith lena húsáid mar ábhar leasaithe san ithir.

Tá Bord na Móna ar an táirgeoir is mó in Éirinn maidir le móin gairneoireachta. Tá sé cinn de chomhlachtaí meánmhéide i gceist freisin: Bulrush, Clover, Erin Peat, Harte Peat, Klasmann-Deilmann Ireland agus Westland. Tá suas le 30 táirgeoir beag agus táirgeoir beag





leath-thalmhaíochta a chuireann móin fód breosla ar fáil chomh maith le móin mheilte gairneoireachta (An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Móna 2015).

Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ceadúnais maidir le gnóthais mhórscaála tionsclaíochta agus talmhaíochta a thabhairt mar chuid d'obair na gceadúnas maidir le Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPC). Bíonn d'aidhm le ceadúnais IPC astaíocht san aer, san uisce agus sa talamh a chosc nó a mhaolú, níos lú dramhaíola a chruthú agus fuinneamh/acmhainní a úsáid go héifeachtúil. Faoi chóras na gceadúnas IPC, ní mór plean athchóiriúcháin maidir leis an láthair ina mbaintear móin ar bhonn tráchtála a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. Faoi láthair, tá Bord na Móna ar an aon chomhlacht caonach móna amháin in Éirinn ag a bhfuil ceadúnas IPC.

#### 4. Tábhacht na Gairneoireachta d'eacnamaíocht na tíre

Sa bhliain 2019, rinneadh easportáil ar 422,672t móna as Éirinn go dtí an Bhreatain Mhór

| Easportáil Móna <sup>14</sup>  |                     |         |
|--|---------------------|---------|
| Tír  | Bliain              | Tonnaí  |
| An Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann                            | 2018                | 422,672 |
| An Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann                            | Ean. - Aib.<br>2019 | 190,212 |
| An tAontas Eorpach seachas an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann | 2018                | 277,587 |
| An tAontas Eorpach seachas an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann | Ean. - Aib.<br>2019 | 118,264 |
| Tíortha eile an domhain  | 2018                | 120,889 |
| Tíortha eile an domhain  | Ean. - Aib.<br>2019 | 122     |

agus Tuaisceart Éireann, 277,587t go dtí an chuid eile den Aontas Eorpach agus 120,889 go dtí an chuid eile den domhan.

Tá cion mór tairbhe á dhéanamh ag tionscal tráchtála na gairneoireachta in Éirinn maidir leis an olltáirge talmhaíochta agus bhí luach €437 milliún ag geata na feirme i gceist sa bhliain 2018, an ceathrú earráil is mó luach ó thaobh olltáirgíochta tráchtearraí talmhaíochta gan aon earráil níos luachmhaire seachas earráil na Mairteola, na Déiríochta agus na Muiceola. Tá tuairim is 6,600 duine fostaithe in obair príomhtháirgíochta sa tionscal agus 11,000 eile fostaithe i ngnólachtaí breisluacha agus iartheachta (gan trádáil mórdhíolacháin a thabhairt san áireamh) le luach iomlán fostaíochta cothrom le €497m (Bord Bia “*Labour Review of Horticulture in Ireland 2016*” arna ullmhú ag Agenda Consulting Ltd).

Maidir le holltoradh €437m an tionscail ar fad, is ionann olltoradh na n-earráil ina mbaintear úsáid as móin mar bhunábhar agus Muisiriúin €117m, Torthaí Cosanta €38m, Glasraí Cosanta €29m, Stoc Plandlainne €36m agus Barra Ornáideacha Cosanta €19m. Tá tábhacht maidir le foinsí ioncaim ón iasacht i gceist le dhá earráil acu sin agus easportáil á dhéanamh ar 90% (€105m) den táirgíocht muisiriúin in Éirinn agus ar luach €7.3 milliún den stoc plandlainne, go dtí an Bhreatain Mhór agus go Tuaisceart Éireann den chuid is mó.

<sup>14</sup> Figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, mí Iúil 2019.



| Táirge                        | €m         |
|-------------------------------|------------|
| Muisiriúin                    | 117        |
| Torthaí Cosanta <sup>15</sup> | 38         |
| Glasraí Cosanta               | 29         |
| Stoc Plandlainne              | 36         |
| Barra Ornáideacha Cosanta     | 19         |
| <b>Toradh Foriomlán</b>       | <b>437</b> |

Meastar go mbítear ag brath ar mhóin mar ábhar fáis i ndáil le tuairim is 50% d'olltoradh an tionscail dar luach €437m.

Ar leibhéal an mhiondíolacháin, caitheann tomhaltóirí isteach is amach le €795 milliún ar tháirgí éagsúla, mar shampla bláthanna gearrtha, plandaí taobh amuigh agus plandaí tí, táirgí don gharraíodóireacht agus don gharraíodóireacht phictiúrtha (Bord Bia, “*Survey on the amenity market 2018*” le Ipsos MRBI).

## 5. Earnálacha ina bhfuil níos lú úsáide á bhaint as móin

Is iomaí ábhar eile de rogha ar an móin a bhfuil meastóireacht déanta ina leith agus é tugtha san áireamh sa chomhábhar fáis le blianta anuas, mar shampla coirt crainn (coirt péine agus meascán sprúis/learóige), gairbhseach adhmaid, gairbhseach cnó cócó agus múirín glas de chineálacha áirithe ach is ábhar móna an rogha ag cuid mhór saothróirí tráchtála go fóill. Ina ainneoin sin, tá ag éirí go maith le húsáid as roinnt den mhalairt ábhair sin i gcumasc le móin san ábhar fáis ionas gur lú den mhóin a úsáidtear i dtionscal na gairneoireachta.<sup>16</sup>

Is in earnálacha na muisiriúin, na taitneamhachta agus na dtorthaí boga is mó a úsáidtear móin i dtionscal tráchtála na gairneoireachta in Éirinn. Tá lucht na n-earnálacha sin ag díriú go forbheartach ar úsáid na móna a laghdú. Tá laghdú ar úsáid móna cheana féin maidir le stoc plandlainne agus le torthaí boga agus úsáid á bhaint ag lucht na n-earnálacha sin as coirt crainn, gairbhseach adhmaid agus gairbhseach cnó cócó mar ábhar cumaisc in éineacht leis an móin.

<sup>15</sup> Arna gcosaint ón éanlaith.

<sup>16</sup> Samplaí de shaothair taighde maidir le hábhar nua fáis - EPA Strive Programme 2007–2013 - arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire. *UK Agriculture and Horticulture Development Board - Sustainable resource use in horticulture: a systems approach to delivering high quality plants grown in sustainable substrates, with efficient water use and novel nutrient sources. Tionscadal PhD: “Can we use soil microbes to help produce novel, sustainable growing media?”* (Royal Holloway, 2013 – 2017). Tionscadal PhD: “*Developing non-peat growing media with microbial amendment*” (Royal Holloway, 2017 – 2021).



Maidir le tionscal na muisiriún, tá 15% den fhoshraith ar fad ina bhfástar na muisiriún i gceist leis an móin. Tuí cruinneachta, aoileach éanlaith, gipseam agus uisce a bhíonn sa 75% eile. Baintear úsáid as móin mar ábhar cásála a chuirtear in uachtar ar an bhfoshraith fáis ionas go gcoinnítear fliuchras istigh. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh ag lucht an tionscail malairt ábhair a scrúdú, athchúrsáil ar ábhar cásála san áireamh maidir le breis muisiriún a fhás nó plandaí eile a shaothrú.

Tá de rogha ag an tomhaltóir agus ag an ngarraíodóir amaitéarach táirgí atá saor ó mhóin a úsáid agus tá teacht ar tháirgí atá saor ó mhóin ar mhargadh miondíolacháin na hÉireann.

Tá Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (IPCC) i mbun feachtais i gcomhar le heagrais neamhrialtais i gcuibhreannas feachtaisíochta maidir le tailte móna na Ríochta Aontaithe chun athchúrsáil ar dhramhábhar orgánach agus úsáid as táirgí atá saor ó mhóin a chur chun cinn trí chlár oideachais faoin teideal “*Growing Wiser Wildlife Gardening*”. Spreag an feachtas sin, atá dírithe ar gharraíodóirí agus ar ghrúpaí pobail, an Chomhairle chun scéimeanna múirín, don duine aonair agus don phobal, a chur ar bun.

Tá straitéisí leagtha amach i dtíortha eile chun malairt seifteanna a spreagadh. Baineann buntáistí le hábhar fáis atá saor ó mhóin a úsáid ar an margadh miondíolacháin gairneoireachta. D'fhéadfaí an úsáid as múirín atá inmharthana ó thaobh na timpeallachta a chur chun cinn níos mó agus d'fhéadfadh deis a bheith ann an t-éileamh foráis ar tháirge den sórt sin a shásamh. Cé nach bhfuil ábhar ar fáil go fóill a bheadh oiriúnach ó thaobh cúrsaí teicniúla agus cúrsaí timpeallachta de agus a d'fhéadfaí a úsáid in áit na móna maidir le barra gairneoireachta a shaothrú go gairmiúil, tá deis ann ag Éirinn leas a bhaint as an margadh sin a bhfuil borradh faoi (An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015).

## **6. Na tréithe a ritheann le Caonach Móna i gcomparáid le Múirín nó Dramhábhar Glas**

Ní bhíonn athrú ar chomhdhéanamh chaonach móna. Ní mar a chéile comhdhéanamh múirín i gcónaí, go háirithe agus foinsí éagsúla i gceist. Bíonn tábhacht leis sin agus múirín á cheannach. D'fhéadfadh freisin ábhar éilliúcháin i múirín, ag brath ar a mbeadh curtha leis.

Ní tharlaíonn aon mhionú ar chaonach móna ionas go seasann sé ar feadh na mblianta san ithir ag ligean an aeir tríd agus ag coinneáil an uisce. Is minic go dtarlaíonn mionú ar ábhar múirín agus gur ceart é a chur leis an ithir bliain i ndiaidh bliana. Ó tharla go n-ídítear an tairbhe cothúcháin atá sa múirín le himeacht aimsire, is fiú leasú bliantúil a dhéanamh ar an gcúis sin chomh maith.

Coinníonn caonach móna agus múirín uisce ach is iondúil gur fearr caonach móna chuige sin. Bíonn tábhacht leis an tréith sin in ithir cloiche nó in ithir gainimh a dtarlódh a dtaoscadh go luath tobann.

D'fhéadfadh móin a bheith níos saoire ná ábhar eile. Os a choinne sin, d'fhéadfadh caonach móna a bheith níos daoire, go háirithe sa chás go mbíonn múirín ar fáil go háitiúil, gur féidir a cheannach ar an mórchóir nó go mbíonn sé á ullmhú ag an té a úsáideann é.

Is beag ábhar cothaithe sa chaonach móna i gcomparáid leis an múirín. Is minic gur ón tionchar a bhíonn ag múirín ar an ithir agus ar mhicrorgánaigh san ithir a eascraíonn an



fiúntas cothaithe. Is cabhair an caonach móna maidir le hábhar cothaithe a chaomhnú san ithir mar gheall go gcuirtear leis an ní ar a dtugtar CEC nó an “acmhainn caitiain a mhalartú”.

Tá leibhéal íseal pH ag baint le móin agus moltar dá réir sin, sa chás go mbíonn cuid mhór in úsáid, go gcuirtear aol leis. Déanann caonach móna leas maidir le plandaí a fhásann go tréan in ithir aigéadach, plandaí eiriceacha, tom fraochán gorm mar shampla. Is iondúil gur leibhéal neodrach (pH 7) a bhaineann le múirín nó go gruthaítear ithir atá beagán alcaileach leis.

Is deacair caonach móna a fhliuchadh ar an gcéad iarraidh agus a athfhliuchadh ó thriomaíonn sé. Ní mar a chéile cineálacha éagsúla den mhúirín, ag brath ar an mbunábhar, maidir lena n-athfhliuchadh.

Is beag miocrorgánach a bhíonn i gcaonach móna. Bíonn múirín lá le miocrorgánaigh. Déanann an chuid is mó acu sin tairbhe arb é feabhsú na hithreach a dtoradh go hiondúil, maidir le haerú nó ábhar cothaithe.

Ní bhíonn síol fiaile ar bith i gcaonach móna. I gcás múirín, "níor cheart" síolta fiaile a bheith ar fáil ann sa chás go ndearnadh a tháirgeadh mar is cóir – le teocht sách ard sa charn múirín go maraítear síolta fiaile, é faoi chumhdach ionas nach dtagann síolta isteach le gaoth, agus le cúram maidir le plandaí fiaile a sheachaint maidir le bunábhar múirín.

Ní iondúil caonach móna a úsáid mar ábhar múta ach is minic múirín a úsáid mar ábhar múta a chuirtear thart ar phlandaí. Ina dhiaidh sin féin, mura ndéantar a scaradh go trom, is beag fiaile ilbhliantúil a phlúchann an múirín. Sa chás go n-úsáidtear caonach móna mar ábhar múta, d'fhéadfadh go dtriomódh sé an ithir trí uisce a shú astu, nó d'fhéadfadh go bhfuadófaí de dhroim na talún é nuair a bhíonn sé triomaithe.

## 7. Na míbhuntáistí a bhaineann le Móin a Úsáid sa Ghairneoireacht

- a) 'Fásann', nó cruthaítear, móin i ngnáthóg bheo portaigh ar ráta an-mhall taobh le haon mhiliméadar amháin in aghaidh na bliana i dtailte portaigh nádúrtha gan saothrú<sup>17</sup>.
- b) Tarlaíonn dianscaoileadh le himeacht aimsire ar mhóin a úsáidtear in ábhar fáis ionas go scaoiltear san atmaisféar an charbóin cheaptha a bhíodh sa mhóin.
- c) Ón tráth a mbaintear móin as an bportach, ní féidir a cur ar ais agus tá cuid mhór deacrachta agus costais ag baint le cúinsí a shocrú atá fabhrach maidir le móin a chruthú.
- d) Nuair a bhaintear móin, tarlaíonn cailliúint na seirbhísí éagsúla éiceachórais agus na mbuntáistí a ghabhann le portach slán feidhmiúil ina bhfuil móin á chruthú, buntáistí san áireamh maidir le cúrsaí aeráide, aeir, ithreach, uisce, bithéagsúlachta (le bia, gairbhseach, ábhar míochaine, ealaín, monatóireacht timpeallachta (pailín agus

---

<sup>17</sup> Peat in horticulture and conservation: the UK response to a changing world  
P.D. Alexander, N.C. Bragg, R. Meade, G. Padelopoulos & O. Watts.





maicriontaisí), agus buntáistí cultúir (iarsmaí seandálaíochta a chaomhnú san áireamh). Mar shampla, carbóin a scaoileadh le haer a bhíodh á stóráil sa mhóin a baineadh agus an tseirbhís a chailliúint maidir le carbóin a cheapadh a bhíodh á cur ar fáil ag portach slán feidhmiúil.

- e) D'fhéadfadh úsáid leanúnach as caonach móna mar ábhar fáis baint ón bhfionn breis taighde a dhéanamh maidir le hábhar fáis den inmharthanacht maidir le cúrsaí timpeallachta.

## 8. Ábhar foshraitheanna fáis atá saor ó mhóin agus deacrachtaí maidir lena n-úsáid

Bíonn leas á úsáid go coitianta as ábhar de chineálacha éagsúla, mar shampla gairbhseach cnó cócó, múirín glasra, múirín choirt péine agus gairbhseach adhmaid in ábhar cumaiscthe fáis. Tá tréithe éagsúla le gach cineál acu maidir le huisce a choinneáil, uisce a scaipeadh agus ábhar cothaithe a chur ar fáil. Ar a meascadh le chéile, in aon táirge amháin, is minic go gcuirtear leis an gcastacht agus go dtarlaíonn éagsúlacht maidir le tréithe ceimice agus fisice ó chumasc amháin go chéile. D'fhéadfadh buntáiste as athraitheas tréithíochta den sórt sin chomh maith má mheastar gur féidir le saothróirí a gcuid gnáis bainistíochta a chóiriú agus go bhféadfaí uisce agus ábhar cothaithe a shábháil freisin sa chaoi is go dtarlódh feabhsú maidir le cúrsaí inmharthanachta i ndáil leis an táirgíocht chomh maith.

Tá cineálacha eile den ábhar orgánach a d'fhéadfaí a chur san áireamh maidir lena gcur le gairdíní nó le réimsí talún ar chúiseanna éagsúla. Áirítear orthu sin múta de chineálacha éagsúla, mar shampla coirt crainn nó tuí (saor ó fhiaílí, gan cineál féir a úsáid), leasú glas nó barra cumhdaigh, aoileach agus páipéar.

Tá léiriú á thabhairt ag an Royal Horticultural Society (RHS) ar ar féidir a dhéanamh; tá gairdíní an chumainn sin saor ó mhóin a bheag nó a mhór agus an cumann tugtha d'úsáid na móna a mhaolú ar gach bealach is féidir. Ina ainneoin sin, ní mór firinne chúinsí tráchtála mar a chuirtear roimh shaothróirí gairmiúla agus iad i mbun barra ornáideacha nó barra iteacháin a tháirgeadh a thabhairt san áireamh chomh maith.

Tá deacracht ag saothróirí gairmiúla in earnáil na gairneoireachta tráchtála le hábhar foshraithe atá saor ó mhóin a úsáid, mar shampla dramhábhar glas, ó tharla athraitheas níos mó ag baint leis na cineálacha sin ná mar atá le móin in ábhar foshraitheanna fáis. Tuairiscítear go ginearálta nach bhfuil múirín den sórt sin oiriúnach le húsáid as féin ó tharla é róthrom agus róshaibhir maidir le hábhar cothaithe ionas gur gá a chumasc le hábhar eile chun comhábhar atá oiriúnach ó thaobh struchtúir agus ábhar cothaithe a chur ar fáil. Deacracht shuntasach eile a luaitear le dramhábhar glas is ea easpa aonchumraíochta ó tharla foinsí éagsúla i gceist leis an amhábhar. Ní mór freisin bainistíocht ina leith a dhéanamh ar bhealach éagsúil agus bíonn deacrachtaí leis sin maidir le huisciú agus an tionchar ar fhás an phlanda. Tuairiscítear deacrachtaí suntasacha le hathraitheas den sórt sin maidir leis an ngairneoireacht má bhíonn cur isteach ar rátaí fáis, ar ábhar cothaithe agus ar chaighdeán an phlanda ó tharla go mbraitheann plandaí agus táirgí ardchaighdeáin a chur ar fáil go seasmhach leanúnach agus barra agus plandaí á dtáirgeadh i ngabhdáin ar an ábhar fáis. Chomh maith leis sin, bítear ag brath ar mhóin mar ábhar cásála i dtionscal na muisiriún.



Cuidiú le fliuchras a choinneáil san fhoshraith fáis an phríomhfheidhm a bhíonn leis an tsraith cásála.

Tá an chuid is mó de na roghanna eile de mhalairt ar mhóin a luaitear faoi láthair á gcumasc le móin. Is bealach praiticiúil an úsáid as comhábhar den sórt sin chun an úsáid a bhaintear as móin i dtionscal na gairneoireachta a mhaolú. Tá gá le breis taighde chun comhábhar cuí a shonrú agus a fhorbairt le húsáid leis an móin chomh maith le hábhar d'fhéadfadh a bheith ina mhalairt iomlán ar mhóin. Ní mór scrúdú a dhéanamh freisin ar na deiseanna a bhainfeadh le luachshocrú dramhaíola agus le hathúsáid as móin ón gairneoireacht thráchtála.

## **9. Deacrachtaí maidir le hathrú ó chaonach móna a úsáid i dTionscal na Gairneoireachta**

Tá mórchuid mhór na móna a bhaintear in Éirinn ar mhaithe le húsáid in obair ghairneoireachta á easpórtáil go dtí margaí taobh amuigh den tír agus tá gá níos géire de réir a chéile le smaointeoireacht maidir lena inmharthana atá leanúint den ghnás sin agus srianta á gcur i dtíortha eile le baint agus le húsáid móna.

Bheadh mórthábhacht le hoideachas agus le caidreamh poiblí i ndáil le bainistíocht fhiúntach a dhéanamh ar athrú ó úsáid móna i dTionscal na Gairneoireachta. Níor mhór páirt a bheith ag úinéirí talún agus ag daoine den phobal i gceantair áirithe sa chúram a bheadh ina chur isteach ar ghnáis agus ar nósanna a cuireadh chun cinn ó ghlúin go glúin le blianta fada anuas. Bhraithfeadh feabhas nó teip iomlán na hoibre ar chumarsáid agus ar chaidreamh soiléir idir an earnáil phoiblí, lucht tionsclaíochta agus pobal na gcomharsanachtaí a bhaineann le hábhar.

Bheadh tábhacht mhór le borradh faoi obair caomhnúcháin a spreagadh agus, go háirithe, faoi mhúirín nádúrtha/dramhábhar glas a úsáid in earnáil na gairneoireachta teaghlaigh agus in earnáil thionscal na gairneoireachta.



Dá dtabharfaí faoi phoiblíocht d'fhonn an pobal a chur ar an eolas faoin míbhuntáiste a bhaineann le caonach móna a úsáid mar ábhar fáis, spreagfaí an lucht úsáide chun malairt ábhair a roghnú – spreagfadh sin arís na táirgeoirí chun athrú ón móin mar ábhar fáis agus chun malairt ábhair a fhorbairt.

Ní beag an t-ábhar deacrachta atá le sárú. Mar shampla, sa Ríocht Aontaithe, tugadh sprioc dheonach isteach sa bhliain 2011 d'fhonn deireadh a chur le húsáid móna ag garraíodóirí amaitéaracha faoin mbliain 2020 agus luadh an bhliain 2030 mar sprioc dheonach ag saothróirí gairmiúla torthaí, glasraí agus plandaí. Ina ainneoin sin, luaitear i bplean 25 bliain i leith na timpeallachta ó *Department for Environment, Food and Rural Affairs* “*If by 2020 we have not seen sufficient movement to peat alternatives, we will look at introducing further measures.*”

## 10. Ceisteanna don Chomhairliúchán Poiblí

- A. Cad iad na tuairimí atá agat faoi bhearta breise a d'fhéadfaí a dhéanamh chun treisiú agus cuidiú le hathrú go dtí gairneoireacht saor ó úsáid móna ar leibhéal thairgeadh gairmiúil barr agus ar leibhéal an tomhaltóra?
- B. Cad iad na tuairimí atá agat faoi mhalairt roghanna seachas móin a úsáid i dTionscal na Gairneoireachta (leis an dearcadh a bheadh, mar shampla, ag saothróir gairmiúil nó ag tomhaltóir/garraíodóir amaitéarach)?
- C. Cad iad na tuairimí atá agat faoi chiorrú nó deireadh a chur le heaspórtáil móna le húsáid taobh amuigh d'Éirinn fiú dá mbeadh cailleanas fostaíochta i gceist leis sin sa tír seo?



- D. An dóigh leat gur cheart grúpa oibre a chur ar bun maidir le comhairle faoi na bealaí ab fhearr chun na bacanna a shárú atá roimh laghdú ar úsáid na móna maidir le barra gairneoireachta a tháirgeadh ar bhonn gairmiúlachta agus maidir leis an margadh gairneoireachta amaitéarach?
- E. Sa chás go bhfuil tú i bhfabhar grúpa oibre a chur ar bun, cad iad na grúpaí geallsealbhóirí ar dóigh leat gur cheart ionadaíocht a bheith acu ar an ngrúpa oibre?
- F. Conas is dóigh leat a d'fhéadfaí na daoine a shaothraíonn an mhóin le haghaidh na gairneoireachta a chúiteamh in aon chailleanas a d'eascródh ó dheireadh a chur leis an mbeartaíocht sin (mar shampla, maidir le brabús a chaillfí dá bharr nó i ndáil le luach na seirbhísí éiceachórais a chaomhnófaí/chuirfí ar fáil)?
- G. Conas is dóigh leat a d'fhéadfaí na daoine a shaothraíonn an mhóin le haghaidh na gairneoireachta a threorú maidir le beartaíocht de chineál eile, mar shampla, malairt ábhair, a bheadh oiriúnach ó thaobh cúrsaí timpeallachta, a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid maidir le barra gairneoireachta a tháirgeadh ar bhonn gairmiúlachta?
- H. Cad é an fiúntas is dóigh leat a bheith le tailte portaigh (déantar scóráil as 100):

|  |            |
|--|------------|
| stóráil carbóin                        |            |
| caomhnú an dúlra                       |            |
| seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil  |            |
| cúrsaí eacnamaíochta                   |            |
| riachtanais shóisialta agus chultúrtha |            |
|  | <b>100</b> |

- I. Cad é do thuairim maidir le ciorrú de réir a chéile le húsáid móna (i) i margadh gairneoireachta na ngarraíodóirí amaitéaracha agus (ii) i dtionscal gairmiúil na gairneoireachta le himeacht na dtréimhsí 3, 5, 10, 15 nó 20 bliain amach romhainn agus, sa chás go molfá sin, conas ba chóir é a dhéanamh agus aird ar na poist a d'fhéadfaí a chailliúint agus ar na deacrachtaí a bhaineann le hábhar eile fáis?
- J. An gá níos mó a dhéanamh maidir le cur le heolas agus le tuiscint an tomhaltóra a chothú maidir le táirgí atá saor ó mhóin a bheith ar fáil ar an margadh miondíolacháin?

**Is féidir aighneacht a chur faoi bhráid maidir leis na ceisteanna seo agus/nó le haon cheist eile a mheastar a bhaineann le hábhar.**

## **12. An chéad chéim eile den obair i ndáil leis an bPáipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheisteanna**

Foráiltear le Beart 5 faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015 d'athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na móna i dtionscal na gairneoireachta. Ag eascairt ón gCéad Tuairisc





leis an Rialtas ar an Dul chun Cinn i ndáil leis Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh a chur i bhfeidhm, thug grúpa oibre, faoi chathaoirleacht na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar a bhfuil ionadaithe ó na Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin gcéad chéim den athbhreithniú sin. Faoi choimirce an ghrúpa oibre a cuireadh an Páipéar Comhairliúcháin faoi na Mórcheisteanna seo i dtoll a chéile.

Tugtar cuireadh anois aighneachtaí maidir leis an bpáipéar seo nó le haon cheist eile a mheastar a bheith tábhachtach maidir leis an athbhreithniú a chur faoi bhráid. Ní mór aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn, ar an bpost nó ar an ríomhphost, faoin 20 Eanáir 2020 chuig Aonad Comhordúcháin na Straitéise Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh, Brainse na dTailte Portaigh agus Ainmniúchán Réimsí Talún, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 D07 N7 CV nó chuig [peatinhorticulturereview@chg.gov.ie](mailto:peatinhorticulturereview@chg.gov.ie), (laistigh de trí mhí ó fhoilsítear an páipéar).

Tugtar chun aire go ndéanfar gach aighneacht a thagann a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Páirce Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus go dtiocfaidh siad faoi réir na reachtaíochta maidir le Saoráil Faisnéise, Teacht ar Eolas maidir leis an Timpeallacht agus cosaint sonraí.



## AGUISÍN 1 – TAILTE PORTAIGH AGUS SEIRBHÍSI ÉICEACHÓRAIS

### Tailte Portaigh agus Cúrsaí Aeráide.

Déanann an fásra i dtailte portaigh neamhshaothraithe carbóin a cheapadh as an atmaisféar agus í a stóráil sa mhóin. Nuair a dhéantar damáiste do thailte portaigh nó iad a thaoscadh, tarlaíonn ocsaídiú don mhóin agus scaoiltear carbón ar ais san atmaisféar. Is féidir deireadh a chur le hocsáidiú na móna nó é a mhaolú trí thailte portaigh a athchóiriú le bearta bainistíochta hidreolaíochta.

De réir obair mheasúnóireachta a rinneadh mar chuid den tionscadal *Bogland*, is cosúil go bhféadfaí tuairim is 57,402 tonna carbóin in aghaidh na bliana a cheapadh sna tailte portaigh in Éirinn atá gar do bheith slán.

Tá buntábhacht maidir leis an smaointeoireacht faoi bhainistíocht ar na tailte portaigh san am atá romhainn leis an ról atá le tailte portaigh i dtimthriall an charbóin. Leagtar amach sraith de bhearta éagsúla maidir le bainistíocht níos fearr ar thailte portaigh agus ar réimsí ithreach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir leis an Aeráid 2019 chomh maith leis na céimeanna oibre is gá chun iad a thabhairt i gcrích, na tráthchláir ina leith agus na geallsealbhóirí ceanrdaíochta agus na geallsealbhóirí eile.

### Tailte Portaigh agus Uisce

Bíonn tionchar ag an mbainistíocht a dhéantar ar thailte portaigh ar leibhéal, ar oiread agus ar chaighdeán an uisce sa taobh tíre máguaird. Is féidir leis tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce in aibhneacha agus i locha. Is féidir an costas a ghabhann le cóireáil ar uisce óil a ísliú leis an mbainistíocht ar thailte portaigh. Is féidir le sioltachán móna cur isteach ar chaighdeán uisce óil don duine agus dochar a dhéanamh don láthair sceathraí ag an iasc agus do chaighdeán na gnáthóige ag speicis eile uisce. D'fhéadfadh roghanna bainistíochta tuilte a dhéanamh níos measa nó cuidiú lena seachaint ar thailte agus ar réimsí talún eile san aon abhantracht amháin.

Luaitear baint mhóna ar bhonn tráchtála nó don teaghlach agus athrú nó taoscadh thailte portaigh ar mhaithe le húsáid de chineálacha eile, mar shampla foraoiseacht nó talmhaíocht, ar na cúiseanna suntasacha le brú in 119 (8%) de na réimsí uisce a mbeadh contúirt nach sásófaí na spriocanna maidir le caighdeán an uisce ina leith (An Plean Bainistíochta maidir le hAbhantracha 2018-2021). Tá sin ar an séú cineál brú is coitianta agus is suntasaí maidir le réimsí uisce abhann. Áirítear amóiniam agus mionábhar dríodair a scaoileadh san uisce agus athrú fisiciúil ar ghnáthóg uisce ar an gcur isteach is coitianta a bhíonn ag baint mhóna agus ag draenáil ar chaighdeán an uisce agus ar ghnáthóga abhann.

### Tailte Portaigh agus Bithéagsúlacht

Tá bonn bithéagsúlachta bunúsach maidir leis an gcine daonna. Ní amháin go mbíonn tairbhe againn as éagsúlacht na n-orgánach, bítear ag brath air agus foghlamtha ag an duine lena n-



úsáid mar ábhar leighis, bia, snáithíní agus acmhainní inathnuaite eile. Anuas ar an méid sin, tá an bhithéagsúlacht ina shlánchuid de thaithí an duine ó thús a ré agus is iomaí cúis atá lena chaomhnú mar gheall ar an bhfiúntas nádúrtha atá ann. An ní nach dtagraítear chomh minic céanna dó go bhfuil an bhithéagsúlacht ina bhonn treise freisin faoi mhaireachtáil an duine mar gheall ar an ról buntábhachtach atá leis i bpróisis éiceachórais atá lárnach maidir le córais bheatha an domhain, ról maidir le próisis ithreach, córais aeráide an domhain, próisis lena gcuirtear uisce glan ar fáil, lena maolaítear tuilte, lena gcaomhnaítear timthriall ábhar cothaithe san ithir san áireamh, agus gur leis na héiceachórais sin, ach iad a bheith ag feidhmiú mar is cóir, a chuirtear seirbhísí bunriachtanacha iomadúla agus buntáistí eile ar fáil don duine a thabharfadh ar shlí ár sábhála sinn agus athrú timpeallachta le sárú.

### Úsáid Móna agus Inmharthanacht na Timpeallachta

- Cé go bhfuil tuiscint níos fearr de réir a chéile ar phortaigh móna mar ghnáthóga tábhachtacha ag an bhfiadhúlra agus mar réimsí stórála carbóin, tá tionscal na gairneoireachta in Éirinn ag brath go mór ar mhóin go fóill.
- Tuigeann lucht na timpeallachta, an Rialtas agus gnólachtaí gairneoireachta in Éirinn faoin tráth seo an toradh a bhíonn, maidir le cúrsaí timpeallachta, ar mhóin a úsáid i mbun na gairneoireachta agus tá lucht an tionscail ag díriú níos mó ar amhábhair den mharthanacht.
- Is léiriú an t-athrú sin freisin ar thuiscint níos mó i measc an phobail ar tháirgeacht inmharthana go ginearálta agus ar úsáid inmharthana as cineálacha éagsúla ábhair maidir le cúrsaí gairneoireachta go háirithe.
- Tá grúpa oibre de gheallsealbhóirí tionsclaíochta sa Ríocht Aontaithe, faoin teideal 'Project 4', ag tabhairt faoi mheasúnacht atá stuama maidir le cúrsaí inmharthanachta agus cur chuige atá praiticiúil, agus éifeachtúil ó thaobh costais, a thabhairt chun cinn agus "responsibly sourced growing media"<sup>18</sup> á lua leis.
- Cibé is siocair leis, fágann dul in oiriúint d'ábhar fáis nua go gcaitear cur chuige na saothróirí a leasú maidir le caighdeán an phlanda a chaomhnú. Tagann bainistíocht maidir le huisce agus le hábhar cothaithe i gceist leis sin agus tá ábhar dúshláin le sárú go fóill i ndáil leis an dá réimse.

---

<sup>18</sup> Féach an láithreán gréasáin atá ag an *Royal Horticultural Society* sa Ríocht Aontaithe.



## AGUISÍN 2 - RÉIMSÍ TAILTE PORTAIGH A ROGHNAÍODH LENA gCAOMHNÚ

Idir na blianta 1997 agus 2002, roghnaíodh 53 láithreán portaigh ardaithe in Éirinn le hainmniú ina Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC). Tá an chuid is mó dá bhfuil fágtha de na coimpléacsanna fairsinge portaigh ardaithe a chlúdaigh cuid mhór de lár na tíre tráth i limistéir SAC an phortaigh ardaithe. Is é an rud is cúis leo a bheith chomh speisialta sin go bhfuil réimsí suntasacha de phortach ardaithe gníomhach iontu i gcónaí, mar a bhfuil na tosca atá oiriúnach do chruthú móna agus do ghnáthchineálacha plandaí agus ainmhithe portaigh maireachtáil. Ainmníodh 75 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) de phortach ardaithe chomh maith faoi na hAchtanna Fiadhúlra a chuireann leis an ggraobhchóras seo.

Roghnaíodh freisin 50 láithreán in Éirinn ina Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) d'fhonn bratphortaigh a chaomhnú. Tá réimsí bratphortaigh ísealchríche agus réimsí bratphortaigh ar thailte sléibhe san áireamh, an chéad chineál ar feadh chósta an Atlantaigh den chuid is mó agus scaipeadh níos leithne i gceist maidir leis an dara cineál. Tá 73 láithreán eile sa bhreis orthu sin ina bhfuil gnáthóg de chineál an bhratphortaigh ar fáil ainmnithe ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA).<sup>19</sup>

Leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Caomhantais Speisialta Portaigh Ardaithe 2017-2022, a foilsíodh i mí na Nollag 2017, na modhanna ina bhfuil bainistíocht, caomhnú agus athchóiriú le déanamh ar réimsí portaigh ardaithe i Limistéir Caomhantais Speisialta agus na bealaí ina ndéanfar soláthar do riachtanais lucht bhainte na móna. Tá clár athchóiriúcháin náisiúnta na hÉireann maidir le limistéir SAC agus NHA phortaigh ardaithe ina chuid den Phlean sin. Tá de rún athchóiriú a dhéanamh ar na portaigh ardaithe ainmnithe uile taobh istigh de thrí chéim oibre agus an chéad chéim díobh sin á chur i bhfeidhm i rith ré feidhme an Phlean Bainistíochta féin.

---

<sup>19</sup> Réimsí cúnga den bhratphortach atá ar fáil ach tá scaipeadh forleathan orthu ar fud an domhain. Is é is mó is cúis leis sin go bhfuil tosca aeráide faoi leith de dhíth ionas go dtiocfadh an ghnáthóg chun cinn. Ní tharlaíonn na cúinsí aeráide sin maidir le cuid mhór báistí agus teocht íseal, a theastaíonn ionas go gcruthófaí bratphortach ísealchríche, i mórán áiteanna ar fud an domhain ach tarlaíonn in Albain agus san Iorua mar shampla sa leathsféar thuaidh agus sa Nua-Shéalainn nó san Airgintín sa leathsféar theas. Tá roinnt de na réimsí bratphortaigh is sárchruthaithe ar domhan ar fáil in Iarthuaisceart na hEorpa.





### AGUISÍN 3 – TAIGHDE MAR GHEALL AR THAILTE PORTAIGH

Sonraíodh roinnt réimsí taighde faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015 (cuid mhór acu a sonraíodh roimhe sin sa tuarascáil BOGLAND (Renou-Wilson et al. 2011)):

#### Ábhar:

**1. Scrúdú maidir le hastaíocht Gháis Cheaptha Teasa as ithir móna faoi ghnáis éagsúla bainistíochta (le húsáid maidir leis an tuairiscíocht i leith Phrótagal Kyoto).**

Tá tionscadail taighde éagsúla ar chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) cúnaimh airgid ar fáil lena n-aghaidh le blianta beaga anuas a bhí dírithe ar an réimse seo. Mar shampla:

Cuireadh tús le tionscadal 3 bliana le hairgead ón EPA i mí Eanáir 2016 faoin teideal: *Peatland Properties Influencing Greenhouse Gas Emissions and Removals* (Tionscadal AUGER). Is é príomhchuspóir leis an tionscadal sin suirbhé náisiúnta a dhéanamh d'fhonn tuairisc a bhreacadh ar na tréithe a ghabhann le cineálacha éagsúla de thailte portaigh agus d'ithreacha móna, an tionchar a bhíonn ag seifteanna éagsúla bainistíochta orthu agus an tionchar a bhíonn aige sin arís ar chúrsaí Carbóin agus Gháis Cheaptha Teasa maidir leis na córais sin, sa chaoi is go mbíonn tuairisc chainníochta ar an ról atá le beartaíocht an duine maidir le lorg thailte portaigh na hÉireann ar an aeráid.

Tá obair nua thaighde á thabhairt chun cinn ag Bord na Móna maidir le floscanna carbóin sa Loilíoch Mhór i gContae Chill Dara. Tá scrúdú á dhéanamh le Tionscadal Túr Fhloscanna Carbóin na Loilí Móire, faoi stiúir an Oll. Ger Kiely (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) ar na floscanna carbóin i gcoill beithe ar thalamh athphortaigh. Ar a áireamh leis an ábhar cuimsitheach d'fhoilseacháin eolaíochta maidir leis an réimse seo (Bonn *et al.*, 2016) agus tionscadail taighde eile, tá saothar mór taighde maidir leis an gceist seo ar fáil faoin tráth seo.

Tá eolas an-fhiúntach maidir le hathraitheas ó bhliain go bliain i ndáil leis an acmhainn ceaptha carbóin i réimse bratphortaigh íseal nó measartha ard atá slán go maith curtha ar fáil trí bhearta staidéir de chuid an EPA, faoi mhaoirseacht an Oll. Ger Kiely, ar fhloscanna gháis cheaptha teasa agus fásra ar bhratphortach Ghleann Chárthaigh i gContae Chiarraí le himeacht tréimhse 10 mbliana. Bhí an portach sin ina umar measartha carbóin i rith mórchuid na mblianta a raibh an staidéar ar bun ach



ba mhó an astaíocht ná an méid a ceapadh maidir le gáis cheaptha teasa na blianta a raibh an aimsir níos tirime.

**2. Tionscadail agus modhanna praiticiúla maidir le hathchóiriú ar thailte portaigh a thabhairt chun suntais agus a bhreithniú d'fhonn an éifeachtúlacht a ghabhann leo maidir le hidreolaíocht agus an acmhainn maidir le stóráil carbóin, le ceapadh carbóin agus leis an mbithéagsúlacht ar an uile leibhéal a mheas.**

Díríodh go sonrach ar an réimse taighde seo le *The Network Monitoring Rewetted and Restored Peatlands/Organic Soils for Climate and Biodiversity Benefits (NEROS) Report (Report No.236)*, arna ullmhú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cúnamh airgid ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Rinneadh ríomh cainníochta leis an saothar taighde ar bhuntáistí maidir le cúrsaí bithéagsúlachta agus maolú aeráide (i.e. floscanna Gháis Cheaptha Teasa) maidir le trí réimse úsáide as talamh portaigh athfhliuchta [athchóirithe]: foraoiseacht; féarach agus baint mhóna (portach réitithe maidir le saothrú teaghlaigh agus athphortach maidir le saothrú tionsclaíochta i ndáil le hithir atá daibhir agus ithir atá saibhir maidir le hábhar cothaithe).

Rinneadh scrúdú ar an ábhar taighde seo go díreach freisin leis an togra taighde “*Framework for the Restoration of Degraded Peatlands*” faoi stiúir an Oll. Laurence Gill (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath). Bhí an obair sin dírithe go háirithe ar ríomh cainníochta maidir leis na cúinsí hidreolaíochta is gá chun an fásra a chothú a theastaíonn ionas gur féidir móin a chruthú agus carbón a cheapadh ar dhá phortach ardaíthe – Portach Chlóirthigh agus Portach Mhainistir Laoise.

Cuireadh tús le dhá thogra sa bhliain 2017 a raibh cabhair airgid ina leith faoi Chlár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh. Is togra caomhnúcháin atá i gceist le *Collaborative Action for the Natura Network (CANN)* lena ndéanfar speicis atá i gcontúirt a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a athchóiriú ar bhonn trasteorann idir Éirinn agus Tuaisceart na hÉireann. Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i mbun stiúirtheachta ar mheitheal an tionscadail<sup>20</sup>. Táthar ag díriú ar ghnáthóg bratphortaigh agus beidh feabhas á chur ar ghnáthóga caomhnaithe mar chuid den obair. Beidh 7 gcinn de phleananna gníomhaíochta maidir le speicis agus 25 plean gníomhaíochta caomhantais maidir le réimse níos mó ná 25,000 heicteár de thailte SAC ar fud an réigiúin trasteorann á gcur ar fáil faoin tionscadal CANN. Tá leagtha amach freisin athfliuchadh a dhéanamh ar c. 50 heicteár de bhratphortach taosetha i limistéar SAC Shléibhte Cuilcí/Shliabh an Iarainn i gContae an Chábháin agus i gContae Liatroma.

<sup>20</sup> Áirítear ar na páirtneirí eile, *an Golden Eagle Trust, Agri-Food And Biosciences Institute, Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, Réigiún na Teorann Thoir, Comhairle Chontae Mhuineacháin, Ollscoil Uladh, Argyll & The Isles Coast and Countryside Trust, Scottish Natural Heritage agus Ulster Wildlife*. Tá cistí meaitseála don tionscadal á gcur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann, ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in Éirinn agus ag *Scottish Natural Heritage*.



*Co-operation across Borders for Biodiversity (CABB)* atá ar an dara tionscadal caomhantais le cabhair airgid ina leith faoi Chlár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh. An *Royal Society for the Protection of Birds (RSPB)* i dTuaisceart Éireann atá i mbun ceannródaíochta ina leith agus tá *RSPB Scotland*, Cairde Éanlaith Éireann, *Butterfly Conservation*, *Moors for the Future* agus Uisce Thuaisceart Éireann páirteach ann chomh maith. Áirítear ar na bearta caomhnúcháin draenacha a bhlocáil, sconsaí a chur suas, leibhéil innilte cuí a thabhairt i bhfeidhm agus pleananna gníomhaíochta caomhantais a scríobh maidir le réimse iomlán 2,228 heicteár ar fud trí cinn de chontaetha i réigiún trasteorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. In Éirinn, tá beartaithe athbháthadh a dhéanamh ar c. 164 heicteár de bhratphortach draenáilte i Limistéar SAC Shliabh Gamh i gContae Shligigh. Beidh monatóireacht á dhéanamh ar thionchar an obair athchóiriúcháin sin ar chúrsaí hidreolaíochta an phortaigh ar feadh ré feidhme an tionscadail agus ar aon athrú a thagann maidir le plandaí an fhásra. Sa chás gur féidir cistí eile a aimsiú, déanfar monatóireacht hidreolaíochta agus monatóireacht ar an bhfásra tar éis dheireadh an tionscadail chomh maith ó tharla gur dócha athrú ar an bhfásra níos moille ná athruithe hidreolaíochta. Tá seo ar an gcéad tionscadal maidir le bratphortach a athbhunú in Éirinn a bhfuil scrúdú bonnlíne maidir le cúrsaí hidreolaíochta agus fásra ina chuid de agus táthar ag tnúth gur féidir modhanna oibre an tsárchleachtais maidir le hathbhunú bratphortaigh as seo amach a thabhairt chun cinn lena linn. Tá mapáil gnáthóg agus pleananna bainistíochta caomhantais á gcur le chéile maidir le ceithre cinn eile de limistéir SAC bratphortaigh agus tá sconsa á chur le réimse bratphortaigh taobh istigh de Limistéar SAC Phortach Phaiteagó/Ucht Caoin i gContae Dhún na nGall ionas gur fearr is féidir bainistíocht a dhéanamh maidir le hainmhithe ar féarach ann agus gur fearr a thiocfaidh an fásra chun cinn. Tá mapáil gnáthóige agus pleananna bainistíochta caomhantais á n-ullmhú freisin maidir leis an limistéar sin agus le trí cinn eile de limistéir SAC bratphortaigh i gContae Dhún na nGall.

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag cuidiú le saothar taighde d'fhonn an méid a chailltear maidir le sioltachán ag dul le sruth uisce i réimse draenáilte de bhratphortach a bhfuil creimeadh á dhéanamh air a thomhas agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuma atá ar réimse bratphortaigh taobh istigh de chóras bratphortaigh Cheann na Life a ndearna an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra obair athchóiriúcháin orthu roinnt blianta ó shin. Rinneadh scrúdú freisin maidir lena fheabhas a éiríonn le blocáil draenacha trí scrúdú comparáide a dhéanamh ar an bhfásra i réimse athchóirithe agus i réimse nár tharla draenáil air. Beidh lón eolais ar fáil ó shaothar staidéir de na cineálacha seo agus an cheist faoin dóigh gur féidir deireadh a chur le creimeadh móna á plé.

### **3. Rangú, sainsonrú agus mapáil a dhéanamh, de réir scála díghrádúcháin, ar thailte portaigh uile an Stáit, fraochmhánna fliucha san áireamh.**

Fágann Rialachán de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hastaíocht agus aistriú gháis cheaptha teasa a áireamh i ndáil le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF) gur éigean tús a chur le tuairiscíocht maidir leis na tailte bogair 'uile' atá faoi bhainistíocht ón mbliain 2026 amach. Tá



buntábhacht le heolas cruinn a bheith ar fáil faoi thailte bogaigh in Éirinn (ar foghrúpa mór ina leith na tailte portaigh) nuair atá bogaigh le tabhairt san áireamh maidir le maolú astaíochta a mheas. Ionas gur féidir anailís ghrinn a dhéanamh, tá gá le sonraí ardghléine faoi úsáid talún ar fud na bhfud agus le mapáil GIS ina leith; táthar i dtús na hoibre maidir leis sin a thabhairt i gcrích. Tá gá le scrúdú ardghléine ós féidir cuid mhór den bheartaíocht is deireanaí (e.g. athbhunú, baint mhóna, etc.) a bheith ag tarlú ar imeall réimsí fairsing portaigh. Tá grúpa oibre idir-rannach (faoi cheannródaíocht an Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil) i mbun na hoibre maidir leis an tionscadal mapála mórsála a chur chun cinn. Níl meastachán ar fáil go fóill ar an gcostas a ghabhfaidh leis an obair seo.<sup>21</sup>

Tá dul chun cinn déanta maidir leis an obair mhapála ar ghnáthóga, réimsí bratphortaigh agus tailte eile portaigh san áireamh, i sraith de na limistéir SAC ar thailte sléibhe mar chuid den Suirbhé Náisiúnta ar Ghnáthóga Thailte Sléibhe a choimisiúnaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá sonraí measúnachta maidir le riocht na talún as ceapacha monatóireachta srathaithe a roghnaíodh go randamach ina gcomharthaí ar riocht na ghnáthóg, tailte portaigh san áireamh, a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I.

#### **4. Taighde chun aghaidh a thabhairt ar an easpa sonraí bunlíne maidir le heanaigh.**

Beidh seirbhísí éiceolaíochta á bhfostú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i rith na bliana 2019 chun dul i ngleic leis an easpa sonraí bonnlíne maidir le réimsí eanaigh. Tá Conradh ar bun faoi láthair maidir le sonraí atá ar fáil cheana féin faoi réimsí eanaigh, e.g. suirbhéanna ar thailte eanaigh agus bogaigh a rinne roinnt de na húdaráis áitiúla, a thiomsú agus a chur faoi anailís. Beidh leas á bhaint as an anailís sin mar lón eolais maidir le tuairiscí don Choimisiún Eorpach ar na bearta measúnachta náisiúnta ar chúrsaí caomhantais maidir le gnáthóga eanaigh a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I.

#### **5. Taighde agus forbairt maidir le hábhar eile le húsáid in ionad na móna i ndáil le táirgí gairneoireachta agus táirgí eile.**

Tá gá go leanúnach le taighde a dhéanamh ar mhalairt ábhair a chuirfí in ionad na móna maidir le hobair ghairneoireachta agus táirgí eile. Tá taighde déanta ag Bord na Móna maidir leis an toradh a bhíonn ar mhúirín ardchaighdeáin ó dhramhábhar orgánach (plandaí) a úsáid. Bíonn, áfach, claonadh ann táirge den sórt sin a dhíriú ar mhargadh na garraíodóireachta agus tá éagsúlacht mhór idir riachtanais an lucht úsáide sin agus a mbíonn i gceist maidir le saothrú ar bhonn tráchtála.

---

<sup>21</sup> Tá staidéar boird déanta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leas á bhaint as íomhánna ón aer chun mapáil a dhéanamh agus meastacháin a chur ar fáil maidir le móin a bhaint don teaghlach taobh istigh den 50 limistéar SAC a roghnaíodh d'fhonn an bratphortach a chaomhnú. Beidh sonraí ar fáil ón obair mapála maidir leis an méid móna a bhaintear ar phortaigh ardaithe agus ar bhratphortaigh.



Tá ábhar cumaisc de chineálacha éagsúla ar fáil faoi láthair le meascadh le móin, "gairbhseach cnó cóc" agus "gairbhseach adhmaid" mar shampla, ach bíonn tionchar de chineálacha eile ar an timpeallacht ag baint lena leithéid sin a úsáid in ionad na móna.

## 6. Taighde i ndáil le húsáid seirbhísí éiceachórais agus i ndáil le luach seirbhísí den sórt sin a ríomh

Sa bhliain 2015, d'aimsigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta cistíocht faoi Chlár LIFE 2014-2020 an AE maidir le tionscadal dar luach €5.4m<sup>22</sup> chun athchóiriú a dhéanamh ar 12 portach ardaithe in Éirinn - 'Restoring Active Raised Bog in Ireland's SAC Network 2016-2020' (LIFE NAT/IE/000032). Mar chuid den tionscadal, beidh measúnacht á dhéanamh ar thionchar socheacnamaíochta bhearta an tionscadail ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar dhaonra an cheantair, chomh maith le measúnacht ar athchóiriú na bhfeidhmeanna éiceachórais mar gheall ar bhearta an tionscadail. Déanfar toradh na measúnachta a fhoilsiú in am tráth. Meastar go mbeidh an dá bheart measúnachta tugtha chun críche faoin mbliain 2020.

Tá an obair ar an tionscadal "*Quantification of blanket bog ecosystem services to water (QUBBES)*" - faoi stiúir an Dr Raymond Flynn (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) ar siúl faoi láthair agus é bunaithe ar láithreacha bratphortaigh ar thailte sléibhe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá de chuspóir leis an tionscadal torthaí cainníochta ardghléine a chur ar fáil ó bhearta samhlúcháin ionas gur féidir anailís eacnamaíochta a dhéanamh maidir leis an tionchar a bhíonn ag cineálacha éagsúla úsáid talún maidir le cóireáil uisce agus le cosc tuilte.

Is beag foilseachán atá ar fáil go hidirnáisiúnta maidir le hanailís eacnamaíochta ar sheirbhísí éiceachórais thailte portaigh (Bonn *et al.*, 2016).

## 7. Scrúdú a dhéanamh maidir le caonach Sfagnaim a shaothrú agus le riascshaothrú go ginearálta ar thailte portaigh díghrádaithe.

Chuir Bord na Móna trialacha ionaclúcháin chaonach Sfagnaim ar siúl ar Phortach Chill Bhearaigh, Contae Chill Dara sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013. Bhí cúrsaí aimsire ag an am ina bhac ar na trialacha ach is dócha go raibh tréithe iarmhairt na móna (leibhéal pH níos airde ná mar ab fhearr agus móin ródhianscaoilte) ina mbac ar chaonach Sfagnaim a fhás níos tréine. Tagann an trioblóid chéanna i gceist maidir le láithreacha saothraithe eile in Éirinn mar a mbíonn an t-ábhar móna tugtha chun bealaigh chomh mór agus gur oiriúnaí an fhoshraith maidir le gnáthóg eanaigh a theacht chun cinn ná cúinsí ina bhféadfaí móin a chruthú agus caonach Sfagnaim a thabhairt chun cinn go tréan, rud nár mhór cúinsí lena gcothaítear leibhéal íseal pH lena aghaidh.

Tá airgead curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le líon mór tograí taighde maidir le tailte portaigh agus scrúdú á dhéanamh ar cheisteanna éagsúla príomhthábhachta maidir leis an réimse ábhair sin.

<sup>22</sup> Láithreán gréasáin an tionscadail: [www.raisedbogs.ie](http://www.raisedbogs.ie)



Rinneadh infheistíocht shuntasach san obair thaighde ar mhaithe leis an tuiscint ar na ceisteanna agus ar sheifteanna a d'fhéadfadh a bheith ina réiteach ar dheacrachtaí a thabhairt chun cinn. Tá infheistíocht is mó ná €1.75 milliún déanta ag an nGníomhaireacht i dtionscadail taighde maidir le tailte portaigh ón mbliain 2012 i leith agus bhain infheistíocht €1.1 milliún le trí cinn de thograí a ceadaíodh i rith na mblianta 2015 agus 2016 amháin.





## TAGAIRTÍ

*Agriculture and Horticulture Development Board. Sustainable resource use in horticulture: a systems approach to delivering high quality plants grown in sustainable substrates, with efficient water use and novel nutrient sources.*

Alexander P.D., Bragg N.C., Meade R., Padelopoulos G., & Watts O..  
*Peat in horticulture and conservation: the UK response to a changing world. Mires and Peat Volume 3 (2008), Article 08, International Mire Conservation Group and International Peat Society 2008.*

Black K., O'Brien P., Redmond J., Barrett F., & Twomey M. *The extent of recent peatland afforestation in Ireland. Irish Forestry 65 (1&2): 71-81 2008.*

Bolger Tom, Bullock Craig, Convery Frank, Curry Jim, Müller Christoph, Renou-Wilson Florence, Ward Shane, & Wilson David. *BOGLAND: Sustainable Management of Peatlands in Ireland STRIVE Report Series No. 75 EPA STRIVE Programme 2007–2013* Arna ullmhú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2011

Bolger Tom, Bullock Craig, Convery Frank, Curry Jim, Müller Christoph, Renou-Wilson Florence, Ward Shane, & Wilson David. *BOGLAND: Sustainable Management of Peatlands in Ireland - PROTOCOL DOCUMENT* Arna ullmhú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2011

Bord Bia. *Labour Review of Horticulture in Ireland 2016.* Mí na Nollag 2016.

Bord Bia. *Amenity Sector Full Year 2018 – Management Report.* Feabhra 2019.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. *An Straitéis Náisiúnta maidir le Tailte Portaigh 2015.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Baile Átha Cliath 2016.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. *An Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Caomhantais Speisialta Portaigh Ardaithe 2017-2022.* An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Mí na Nollag 2017.

Department for Environment, Food and Rural Affairs. *A Green Future: Our 25 Year Plan to Improve the Environment.* HM Government 2018.

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. *Plean Bainistíochta maidir le hAbhantracha na hÉireann 2018-2021.* An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil 2018.



Foss Peter. Study of the extent and conservation status of Springs, Fens and Flushes in Ireland. National Parks and Wildlife Service Eanáir 2007.

Rialtas na hÉireann. Plean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid 2019. An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Meitheamh 2019.

Malone S., & O’Connell C.. Ireland’s Peatland Conservation Action Plan 2020 – Halting the Loss of Biodiversity. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, An Loilíoch Mhór. 2009.